

Leibhéal B2

Topaic 4: Am saor & caitheamh aimsire

Bileog 4.1

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag éisteacht le fógra a bhí ar Raidió na Gaeltachta. Scaip **Bileog 4.1** ar an rang.
- *Cúrsaí só – Réamhobair éisteachta*: Abair leo na cleachtaí 1-3 a dhéanamh ina mbeirteanna.

Freagraí:

(1) Tuairimíocht atá i gceist anseo.

(2) **fógra**: eolas a bhíonn ar phóstaer nó sna meáin chun aird a tharraingt ar tháirge nó ar ghnó.

fógraíocht: an tslí le haird a tharraingt ar tháirge nó ar ghnó trí fhógraí a chur sna meáin.

blurba: fógra gairid ar chlúdach leabhair, mar shampla.

branda: trádmarc nó ainm a thugann le fios cad é an táirge nó an gnó.

áibhéil (*hype*): cleas fógraíochta

lógó: ainm, siombail nó trádmarc a chruthaítear le gur féidir táirge a aithint go tapa.

margaíocht: an próiseas chun táirgí a cheannach agus a dhíol ar an mhargadh.

poiblíocht: an gníomh a bhaineann le heolas a sholáthar go poiblí chun aird an phobail a mhealladh.

póstaer: fógra mór priontáilte chun rud a fhógairt a bhíonn maisithe go minic.

sos fógraíochta: sos a bhíonn ar an teilifís le linn cláir nó idir cláir chun fógraíocht a dhéanamh.

(3) Tabhair tamall do gach beirt a machnamh a dhéanamh ar cad a bheidh san fhógra a chloisfidh siad ar ball beag.

- *Cúrsaí só – Éisteacht*: Cuir an téip ar siúl uair amháin agus iarr ar gach beirt na ceisteanna a dhéanamh le chéile. Tuairimíocht den chuid is mó atá i gceist ach amháin le:

Freagraí:

(a) Corcaigh.

(e) Mar shampla:

Tá deis iontach anseo agam do bheirt – is é atá i gceist ná deireadh seachtaine saoire a bhuachan in óstán 4 réalt an Clarion Hotel i gCathair Chorcaí. Tá an t-óstán galánta seo suite ar bhruach na Laoi, agus níl sé ach dhá nóiméad siúil ó na ceantair mhóra shiamsaíochta agus shiopadóireachta i gCathair Chorcaí. Is féidir leis na buaiteoirí bricfeasta blasta a ithe an dá mhaidin san óstán chomh maith. Cad chuige nach ndéanfá gáire i dtigh tábhairne bríomhar an óstáin, nó nach mbeifeá scafánta san ionad

aclaíochta nó lig do scíth i spá na sláinte agus an tsó. Cathair iontach, óstán breá, saoire iontach saor in aisce. Le saoire dhá oíche agus bricfeasta a bhuachan in óstán an *Clarion* i gCathair Chorcaí níl le déanamh ach an cheist seo a leanas a fhreagairt:

Cé a bhuaigh cluiche ceannais na hÉireann sa pheil agus san iomáint sa bhliain 1990 – Corcaigh nó Doire?

Seol do fhreagra agus d'ainm chuig 51553. Fógrófar buaiteoir an chomórtais ag deireadh an chláir inniu.

Bileog 4.2

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag léamh ailt ó nósma^{*}. Scaip **Bileog 4.2** ar an rang.
- *Cúrsaí spóirt & aclaíochta – Réamhobair*: Abair leo ransú intinne a dhéanamh ar an stór focal a bhaineann leis na topaicí luaite. Bíodh na focail thíos san áireamh.

Spórt nua-aimseartha

Peil Mheiriceánach
Lacrosse
Frisbee
Clárscimeáil sneachta
Sciáil
Clárshéoltóireacht eitleoige
An tráchttaireacht
Buaiteoirí
Lucht tacaíochta
Tonnmharcaíocht
Tráchttaire spóirt
Craoladh beo
Na buaicphointí
Lucht leanúna

Spórt dainséarach

Cadhcaíl
Boghdóireacht
Parafaoileoireacht
Spéirthumadóireacht
Foghláireacht

Spórt traidisiúnta na hÉireann

Peil
Iománaíocht
Camógaíocht
Na comórtais
Cic saor
Calaois
Cluiche cáilíochta
Cluiche leathcheannais
Cluiche ceannais
Dul ar aghaidh go dtí an chéad bhabhta eile
Leath-am
Comhscór
Toradh maith
Drochthoradh
Na Cluichí Oilimpeacha
Sraith na hÉireann
Na mionúir (foireann na mionúir)
Na sinsir (foireann na sinsear)
Geallghlacadóir (geall a chur ar...)
Curaidh/Seaimpíní (an chontae/an chúige na hÉireann)

Cúrsaí spóirt & aclaíochta – Léamh: Iarr ar gach beirt an t-alt a léamh le chéile agus an fhoirm cheart de na focail a chur sna bearnaí.

Freagraí:

- | | |
|----------------|----------------|
| 1. shuim | 2. tosaítear |
| 3. aibhneacha | 4. na coda |
| 5. an fhuachta | 6. choitianta |
| 7. ar siúl | 8. a meabhair |
| 9. taisteal | 10. a thuirsiú |

- *Cúrsaí spóirt & aclaíochta – Díospóireacht:* Roinn an rang ina dhá leath agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag déanamh díospóireachta ar ball.
- Léigh an rún don rang agus bí cinnte go dtuigeann siad é. Abair le leath amháin go bhfuil siad in éadan an rúin agus go bhfuil an leath eile i bhfabhar an rúin.
- Tabhair tamall don dá ghrúpa pointí a chur le chéile a chuideodh leo an díospóireacht a dhéanamh (má tá rang mór agat roinn gach leath i ngrúpaí níos lú – ná bíodh níos mó ná cúigear in aon ghrúpa).
- Iarr ar an dá leath den rang triúr cainteoirí a roghnú leis an díospóireacht a dhéanamh os comhair an ranga.
- Cuir tús leis an díospóireacht ansin. Bíodh triúr cainteoirí ar gach taobh agus nóiméad amháin ag gach cainteoir chun a chuid pointí a dhéanamh.
- Tabhair seans do gach duine eile ceisteanna a chur ag deireadh na díospóireachta chomh maith.
- Ceartaigh aon bhotún a chloisfidh tú le linn na díospóireachta.

Bileog 4.3

- Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag éisteacht le léirmheas ar an scannán *Star Trek*. Scaip **Bileog 4.3** ar an rang.
- *Léirmheasanna – Réamhobair éisteachta:* Mínigh dóibh go mbeidh siad ag obair leis na daoine eile sa ghrúpa ag cur tuairimí in iúl faoi na topaicí luaite, agus gur cleachtadh é seo a chuideoidh leo léirmheas a scríobh ar ball.

Freagraí:

Tuairimíocht atá ann den chuid is mó ach amháin le ceist 5:

Oíche Chinn Bhliana
Lá Caille
Samhain
Lá Fhéile Stiofáin
Lá saoire bainc

Lá Fhéile Pádraig
Oíche Fhéile Eoin
Oíche Nollag
Lá Fhéile Vailintín

- *Léirmheasanna – Éisteacht*: Tabhair deis dóibh an chéad trí cheist a dhéanamh sula gcuireann tú an mhír ar siúl. Tuairimíocht atá ann.
- Cuir an téip ar siúl uair amháin agus abair leo an chéad trí cheist eile a dhéanamh ansin. Is féidir ‘réamhscéal’ a úsáid mar Ghaeilge ar *prequel*.
- Cuir an téip ar siúl don dara huair agus iarr orthu na focail / frásaí a bhfuil malairt bhrí acu leis na focail / frásaí atá tugtha a aimsiú:

Freagraí:an-dona: **an-mhaith**an tseanaois: **an óige**níos leimhe: **níos spleodraí**gan chlú: **mór le rá**ar na mallaibh: **fadó**níos leadránaí: **níos suimiúla**mínádúrtha: **nádúrtha**tamall fada ó shin: **ó chianaibh**

- *Léirmheasanna – Scríobh*: Iarr ar gach duine an dá léirmheas a scríobh don chéad rang eile. Iarr ar gach beirt tús a chur leis an obair le chéile. Téigh siar ar an fhoclóir a bheadh úsáideach dóibh. Sampla:

*Na carachtair**Seoladh leabhair**Clúdach bog**Foilsitheoir**Caibidil**An príomhcharachtar**Teideal**Clúdach crua**Eagarthóireacht**Plota (téama/ábhar)*

Bileog 4.4a agus Bileog 4.4b

- Cuir gach beirt ina suí le chéile agus scaip **Bileog 4.4a** ar an rang.
- *Caitheamh aimsire - Réamhobair*: Mínigh dóibh gurb é an duine sa phictiúr an duine a mbeidh siad ag léamh faoi ar ball agus go gcaithfidh gach beirt ceisteanna 1-4 a fhreagairt bunaithe ar an phictiúr amháin!
- Pléigh na tuairimí a bhí ag na foghlaimeoirí faoin duine sa phictiúr.
- *Caitheamh aimsire – Léamh*: Abair leo na habairtí a léamh le chéile ar dtús sula léifidh siad an t-alt le chéile.
- Iarr orthu ansin an t-alt a léamh agus na focail chuí a aimsiú a oireann do na habairtí sa chleachtadh.

Freagraí:

1. Tá suim mhór aige i rud eile – **Tá cloch eile ar a phaidrín.**
 2. Bríomhar agus lán d'fhuinneamh – **fuinniúil**
 3. An fharraige mhór idir Éire agus Meiriceá – **an tAigéan Atlantach**
 4. Húicéir beag nó bean bheag dhathúil - **gleoiteog**
 5. Daoine a chaitheann a lán ama nó a shaothraíonn a dteacht isteach ar an fharraige - **mairnéalaigh**
 6. A bheith taobh thiar de rud, gafa le rud, ag obair ar rud – **ina bhun**
 7. Rud a ghineann tonnta agus a chuireann ar aghaidh iad chun comhartha a chruthú agus a sheoladh ó aeróg - **tarchuradóir**
 8. Grúpa daoine atá i mbun feachtais chun an rialtas nó feidhmeannaigh phoiblí a ghríosú leis an dlí a athrú maidir le cúiseanna áirithe – **grúpa stocaireachta**
- *Caitheamh aimsire – Plé:* Cuir gach triúr le chéile agus iarr orthu na ceisteanna a phlé.

Freagraí:

Eolas le fáil anseo:

An tAcht Teanga –

<http://www.coimisineir.ie/downloads/001CeisteannaGinearaltafaoiAchnadTeanaach aOifigiula.pdf>

Údarás na Gaeltachta –

http://www.udas.ie/index.php/roghchlr_corparideach_/eolas_faoin_dars/1344

Raidió na Gaeltachta –

<http://www.rte.ie/rnag/index.html>

- Cuir gach beirt ina suí le chéile agus scaip **Bileog 4.4b** ar an rang.
- *Inscne an fhocail - Teanga:* Léigh tríd na treoracha ar fad atá ar an bhileog leis na foghlaimoirí agus bí cinnte go dtuigeann siad cad atá le déanamh acu. Iarr ar gach beirt cuid **A** a dhéanamh ar dtús.

Freagraí:

an t-ainm **f**

an cheist **b**

an cath **f**

an Ghaeilge **b**

an fharraige **b**

an rud **f**

an argóint **b**

an grúpa **f**

an tseoltóireacht **b**

an díospóireacht* **b**

* bheifeá ag súil le séimhiú ar an **d** mar gur ainmfhocal baininscneach atá ann ach toisc riail na *dentals* ní shéimhítear é.

Focail	Focail fhirinscneacha	Focail bhaininscneacha
a thosaíonn le consan	An bád (gan séimhiú)	An fhuinneog (le séimhiú)
a thosaíonn le guta	An t-uisce	An aois
a thosaíonn le s	An saol	An tsráid

- Abair leo ansin cuid **B** a dhéanamh.

Freagraí:

Focail fhirinscneacha	Focail bhaininscneacha
Lucht – focal aonsiollach a chríochnaíonn ar chonsan leathan	Forbairt – focal dáshiollach a chríochnaíonn le consan caol
Cúrsa – críochnaíonn sé le guta	Pleanáil – críochnaíonn sé le consan caol
Fear – críochnaíonn sé le consan leathan agus de ghnáth is ionann inscne an duine agus inscne an fhocail	Teanga – bíonn teangacha baininscneach de ghnáth.
Feachtas – críochnaíonn sé le consan leathan	Spéis – críochnaíonn sé le consan caol
Spórt – críochnaíonn sé le consan leathan	Farraige – cé go gcríochnaíonn sé le guta is focal baininscneach é
Ceol – críochnaíonn sé le consan leathan	Iascaireacht – dhá shiolla a chríochnaíonn le -eacht
Mairnéalach – críochnaíonn sé le -ach agus is gairm bheatha é	Gleoiteog – dhá shiolla a chríochnaíonn le -eog
Aoisghrúpa – críochnaíonn sé le guta	Eastóin – tá na tíortha baininscneach den chuid is mó agus críochnaíonn sé le consan caol
Stáisiún – críochnaíonn sé le consan leathan	Coicís – críochnaíonn sé le consan caol
Dream - críochnaíonn sé le consan leathan	Gaeltacht – críochnaíonn sé le -acht agus tá dhá shiolla ann
Tarchuradóir – críochnaíonn sé le -óir agus tá dhá shiolla ann, de ghnáth is gairm bheatha atá i gceist fosta.	Polaitíocht – críochnaíonn sé le -íocht agus tá dhá shiolla ann.
Duine – críochnaíonn sé le guta	

Craoladh – críochnaíonn sé le consan leathan	
--	--

Bileog 4.5

- Cuir gach triúr ina suí le chéile agus scaip **Bileog 4.5** ar an rang.
- *Caitheamh aimsire – plé ginearálta*: Léigh na ceisteanna ar fad leis an rang agus tabhair tamall fada dóibh iad a phlé ina ngrúpaí.
- Pléigh thusa tuairimí na bhfoghlaimeoirí ar fad nuair atá siad críochnaithe ag caint agus ceartaigh aon bhotún a chloiseann tú.

© Ollscoil Mhá Nuad